# FOIRM IARRATAIS AR NASC NUA

## Aon teaghais chónaithe nó áitreabh feirme amháin (Foirm NC2)

esbnetworks.ie

Tá an t-eolas a iarrtar ar an bhfoirm iarratais seo ag teastáil ó ESB Networks CGA le cur ar ár gcumas do nasc soláthair leictreachais a chur ar bun agus a bhainistiú. Mar Oibreoir an Chórais Dáileacháin, tá an t-eolas seo ag teastáil freisin le cur ar chumas ESB Networks CGA an líonra leictreachais a bhainistiú. Is é ESB Networks CGA an rialaitheoir sonraí. Tá ár mbeartas príobháide le fáil ag https://esbnetworks.ie/privacy

### Foirm Iarratais i dTaca le:

Nasc Baile ☐

Nasc Feirme ☐

Toilleadh Méadaithe (MIC) ☐

Toilleadh Laghdaithe (MIC) ☐

**Comhlánaigh gach cuid i mBLOCLITREACHA. Ná fág aon chuid bán; Scríobh N/B mura mbaineann cuid áirithe le hábhar.**

**ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN**

Uimh. Jab: ____________________

Fad: ____________________ R/U: __________

Grúpa Pleanálaithe: ____________________

MIC: ____________________ MCC: __________

Rinneadh Teagmháil ar an: ____________________

### 1. Ainm Iomlán an Iarratasóra agus Seoladh an Láithreáin atá le Nascadh / a mbaineann an tathrú MIC leis

Teideal: An tUas ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Cuideachta / Eile ____________________

Uimhir fóin póca: ____________ Líne thalún: ____________

R-phost: ____________________

### 2. Ainm agus seoladh teagmhála i gcomhair comhfhreagrais (Murab ionann agus an seoladh thuas)

Uimhir fóin póca: ____________ Líne thalún: ____________

### 3. Nasc nua

Teach aonair ☐ Árasán ☐ Feirm ☐ Árasán Teaghlaigh* ☐ Teach Caidéil ☐

Eile ☐ Mínigh ____________________

**Tabhair do d'aire: Le húsáid ag teaghlach amháin, ní le foligean ar cíos*

## 4. An toilleadh a bheidh ag teastáil don nasc

Roghnaigh ceann amháin trí thagairt don toilleadh atá ag teastáil uait agus do chuid 8.

12 kVA ar a mhéad (Nasc Caighdeánach) ☐ 16 kVA ar a mhéad (Nasc Feabhsaithe) ☐

*I gcás naisc chaighdeánacha, féach "Cén toilleadh naisc ba chóir dom a iarraidh?" Féach Nóta 1.*

Níos mó ná 16 kVA (Nasc Neamhchaighdeánach) Roghnaigh an MIC atá ag teastáil:

20 kVA ☐ 29 kVA ☐ An bhfuil 3 phas ag teastáil? ☐

I gcás naisc neamhchaighdeánacha, téigh i ndáil chomhairle le do chonraitheoir leictreachais.

## 5. Léarscáil ón tSuirbhéireacht Ordanáis agus leagan amach an láithreáin
(i gcás nascadh nua nó athnascadh > 2 bhliain)

Cuir gach ceann de na nithe seo a leanas faoi iamh:

(1) Léarscáil ón tSuirbhéireacht Ordanáis (scála 1:2500 i gceantair tuaithe, 1:1000 i gceantair uirbeacha), a léiríonn suíomh do láithreáin, agus

(2) Leagan amach an láithreáin (scála 1:100 – 1:500) ar a léirítear an t-áitreabh

Tabhair do d'aire: Ní fhéadfaimid d'iarratas a phróiseáil gan na léarscáileanna sin.

Ainm an Údaráis Áitiúil: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Uimh. an Iarratais Pleanála: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**Comhordanáidí soir:** ☐☐☐☐☐☐ **Comhordanáidí ó thuaidh:** ☐☐☐☐☐☐

Is éard atá sna comhordanáidí soir agus ó thuaidh ná comhordanáidí a dhéanann tagairt do shuíomh geografach do láithreáin ó thaobh na Suirbhéireachta Ordanáis de. Ní gá duit na comhordanáidí sin a líonadh isteach, ach cabhróidh siad linn do shuíomh a aimsiú.

## 6. Athnascadh

Tabhair an uimhir MPRN 11 digit: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

An bhfuil d'áitreabh dínasctha le 2 bhliain nó níos mó ná sin? ☐

Baineann an chuid seo le hiarratas ar athnascadh áitribh ar dínascadh 2 bhliain nó ní ba mhó ó shin é. **Mura bhfuil an soláthar dínasctha le 2 bhliain go fóill, cuir an MPRN in iúl do sholáthróir le go mbeidh sé in ann socruithe a dhéanamh d'ordú athnasctha.** Tá liosta na soláthróirí leictreachais le fáil ó CRU.ie. Má tá an soláthar dínasctha le 6 mhí nó níos mó nó sin, beidh deimhniú sreangaithe de dhíth chomh maith.

## 7. Athrú ar an MIC i gcás nasc atá ann cheana

Tabhair an uimhir MPRN 11 digit: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐ Méadú ☐ Laghdú ☐

**Uasacmhainn Iompórtála (MIC) (ÉIGEANTACH: Ní fhéadfar iarratais a phróiseáil mura mbeidh an chuid seo comhlánaithe)**

**An Uasacmhainn Iompórtála (MIC) atá ag teastáil** ☐☐☐☐ **kVA**

Aon Phas Amháin ☐ Trí Phas ☐

Ba chóir go mbeadh an figiúr seo bunaithe ar na sonraí ualaigh tar éis an fachtóir iolarthachta a chur i bhfeidhm orthu. Custaiméirí atá ag lorg Méadú/Laghdú, ba chóir dóibh an MIC nua atá ag teastáil a shonrú. Féadfaidh sé go n-athróidh do sholáthróir an taraif tar éis athrú ar an MIC.

**Caithfear an chuid seo a leanas a chomhlánú lena chinntiú gur leor an soláthar.**
**Téigh i ndáil chomhairle le do chonraitheoir leictreachais agus tú ag comhlánú na coda seo.**

## 8. Ualaí móra

### Teaschaidéal

Má tá sé beartaithe agat teaschaidéal a fheistiú, ní mór duit an chuid seo a chomhlánú trí thagairt do bhileog sonraí an teaschaidéil.

| | | |
|---|---|---|
| Déantúsóir | ________ | Aimpéir |
| Tagairt Chineáil | ________ | Aimpéir |
| Uaschumhacht an Chomhbhrúiteora (kW) | ________ | (kW) |
| Uaschumhacht na Gné Treisithe/Cúltaca (kW) | ________ | (kW) |
| Uaschumhacht an Umair Tumthéitheora (kW) | ________ | (kW) |

Mura bhfuil an Teaschaidéal fothaithe ag inbhéartóir, tabhair an fhaisnéis seo a leanas:

Tabhair do d'aire go bhfuil gléas bogdhúisire riachtanach agus gur chóir go mbeadh an córas cumraithe lena chinntiú go mbeadh 15 nóiméad idir gach iarracht dúisithe.

| | | |
|---|---|---|
| Sruth Oibriúcháin Leanúnach | ________ | Aimpéir |
| Sruth Dúisithe (arna theorannú ag an mbogdhúisire) | ________ | Aimpéir |
| Íos-eatramh idir iarrachtaí dúisithe | ________ | Nóiméid |

### Téamh Eile (Iomlán na gCileavatanna)

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Taiscthéamh | ________ | kW | Téitheoir Uisce (tumthéitheoir) | ________ | kW |
| Teas leictreach faoin urlár | ________ | kW | Eile (m.sh. Ola, Adhmad, Millíní Adhmaid) (Ionchur leictreach amháin) | ________ | kW |

### Feithiclí Leictreacha

Má tá sé beartaithe agat pointe luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a fheistiú, ní mór duit an chuid seo a chomhlánú.

| | | |
|---|---|---|
| Déantúsóir | ____________ | |
| Tagairt Chineáil | ____________ | |
| Uaschumhacht an Phointe Luchtaithe | ____________ | kW |

## 9. Ualach Feirme

Fearais a bhfuil a rátáil níos mó ná 0.75 kW amháin.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Caidéal Tobair | ________ | kW | Fál Leictreach | ________ | kW |
| Táthaire | ________ | kW | Trealamh Fuaraithe Bainne | ________ | kW |
| Bliteoir | ________ | kW | Eile (in kW) | ________ | kW |
| Téitheoir Uisce | ________ | kW | | | |

## 10. Taraif 24 uair an chloig/ama úsáide

Cuir in iúl cén taraif atá sé ar intinn agat a fháil ó do Sholáthróir Leictreachais;

24 uair an chloig ☐ nó Am Úsáide ☐

Tabhair do d'aire: I measc na n-ualaí a bheadh oiriúnach do tharaif leictreachais 24 uair an chloig/ama lae tá taiscthéamh nó téamh fo-urláir a bhfuil teaschaidéal ina chuid de.

Má tá amhras ar bith ort, téigh i ndáil chomhairle le do chonraitheoir leictreachais. Ní fhéadfaidh ach do sholáthróir an rogha seo a athrú tar éis an nasc a chur ar bun.

Féadfaidh sé go ngearrfar táille ort an tráth sin.

## 11. Foinse in-athnuaite fuinnimh

Má tá foinse in-athnuaite fuinnimh le feistiú ag an tráth seo freisin, comhlánaigh foirm fógra NC6 chomh maith, atá le fáil ó esbnetworks.ie, nuair a bheidh do nasc curtha ar bun.

## 12. Eolas Breise

Tabhair aon eolas breise a d'fhéadfadh a bheith ina chúnamh linn an t-iarratas seo a phróiseáil.

________________________________________

________________________________________

## 13. Síniú agus Dáta

**Síniú:** ____________________________ **Dáta** __________________

**Aontaíonn tú go ligfidh tú do ESB Networks CGA an líonra a nascadh le do chuid trealaimh. Admhaíonn tú go bhfuil sé de cheart againn custaiméirí eile a nascadh leis an líonra seo.**

## Nóta 1. Cén toilleadh naisc ba chóir dom a iarraidh?

| Téigh i ndáil chomhairle le do chonraitheoir leictreachais/leictreoir agus an rogha seo á déanamh agat. | **12 kVA (Nasc Caighdeánach)** | **16 kVA (Nasc Feabhsaithe)** |
|---|---|---|
| Uaséileamh<br>(An meán le himeacht 10 nóiméad) | 52 aimpéar | 70 aimpéar |
| **An t-uasualach lasctha, gan mótair a áireamh***<br>m.sh. Cithfholcadán Leictreach | 9 kVA | 12 kVA |
| **Teorainn le méid/oibriú mótar:** | | |
| Mótair a dhúisíonn > 4 huaire gach uair an chloig Uasrátáil | 0.75 kW | 1.1 kW |
| Mótair a dhúisíonn > 2 uair sa lá ach <= 4 huaire gach uair an chloig Uas-sruth dúisithe** | 26 aimpéar | 40 aimpéar |
| Mótair a dhúisíonn <= 2 uair sa lá<br>Uas-sruth dúisithe** | 42 aimpéar | 63 aimpéar |
| Uasmhéid Taiscthéimh | 9 kW | 13 kW |

### … Nó chun an méid sin a rá ar bhealach níos simplí:

| | |
|---|---|
| 12 kVA | Oiriúnach do theaghais chónaithe mheánmhéide nach mbeidh gníomhaíochtaí feirme ar bun inti, ná nach mbeidh níos mó ná 9kW de thaiscthéamh oíche feistithe inti. |
| 16 kVA | Oiriúnach do theaghais chónaithe ina bhfuil sé beartaithe an nasc a úsáid le haghaidh innealra feirme nó táthú éadrom. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar an rogha seo freisin sa chás go mbeadh idir 9kW agus 13kW de thaiscthéamh oíche nó teaschaidéil mhóra le feistiú. |

D'fhéadfadh sé go mbeadh soláthar 3 phas ag teastáil i gcás mótair atá níos mó ná 5 each-chumhacht, nó próisis a dteastaíonn uathu roinnt ualaí a bheith ag oibriú ag an am céanna

* Féadfar níos mó ná aon ualach lasctha amháin a fheistiú ar chuntar go mbeidh siad cumraithe ar bhealach a chinnteoidh nach sárófar an teorainn.

** Féadfar bogdhúisire a úsáid le teorainn a chur leis an sruth dúisithe

# Céard a tharlóidh anois?

Tar éis dúinn d'fhoirm iarratais a fháil (lena n-áirítear an léarscáil ón tSuirbhéireacht Ordanáis, ar a léirítear suíomh an láithreáin, agus leagan amach an láithreáin), seiceálfaimid cé chomh gar is atá do theach beartaithe dár líonra. Ní fhéadfaimid d'iarratas a phróiseáil gan na léarscáileanna sin.

## Meastachán

Má tá do theach nua suite i gceantar tuaithe agus é laistigh de 500m ó líonra meánvoltais ESB Networks CGA, is iondúil nach gá dúinn cuairt a thabhairt ar an láithreán le do mheastachán a chur le chéile agus, dá bhrí sin, go gcuirfimid an meastachán amach chugat laistigh de 7 lá oibre. Ar an gcaoi chéanna, má tá do theach nua suite i gceantar uirbeach agus é laistigh de 50m ó líonra dáileacháin ísealvoltais ESB Networks CGA, is iondúil nach gá dúinn cuairt a thabhairt ar an láithreán le do mheastachán a chur le chéile agus, dá bhrí sin, go gcuirfimid an meastachán amach chugat laistigh de 7 lá oibre. I gcásanna inar gá dúinn cuairt a thabhairt ar an láithreán, áfach, cuirfimid an meastachán amach chugat laistigh de 15 lá oibre.

## Íocaíocht

Caithfidh tú an táille a íoc (Laser/Visa Debit, Seic, Ordú Airgid, Dréacht Bainc, nó Ríomhaistriú Airgid) agus na téarmaí nasctha a shíniú le glacadh leo sula mbeimid in ann leanúint ar aghaidh le do nasc. Ba chóir duit an táille a íoc a luaithe is féidir ionas go mbeidh ár ndóthain ama againn an jab a chur ar aghaidh trí na céimeanna eile den phróiseas.

## Soláthróir Leictreachais

**Is le nasc leictreachais amháin a bhaineann an t-iarratas seo.**
Nuair a gheobhaidh tú d'uimhir MPRN 11 digit, ba chóir duit clárú le soláthróir leictreachais chomh maith. Tá liosta na soláthróirí le fáil ó CRU.ie

## Tógáil do naisc

A luaithe a gheobhaimid an íocaíocht, tosóimid ag lorg na gceadanna is gá ó na húinéirí talún. Nuair a bheidh na ceadanna sin faighte againn, tosóimid ar an obair thógála ar do nasc. Mura mbeidh gá le hobair shuntasach atreisithe ar an líonra, cuirfimid do nasc i gcrích laistigh de 12 sheachtain tar éis an íocaíocht a fháil. Le hé sin a dhéanamh, caithfimid do dheimhniú críochnaithe sreangaithe NSAI a fháil, chomh maith le deimhniú go bhfuil do dhucht agus do chaibinéad méadair réidh tráth nach déanaí ná dhá sheachtain roimh dheireadh na tréimhse 12 sheachtain sin.

## Deimhniú Críochnaithe

Ar mhaithe le sábháilteacht agus dea-chleachtas, caithfidh d'fhearas leictreach a bheith in oiriúint leis na caighdeáin ábhartha arna bhfaomhadh ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Caithfear Deimhniú Críochnaithe i leith an fhearais, a bheidh aitheanta ag NSAI, a chur faoinár mbráid i dtaca le gach uile nasc nua le córas ESB Networks CGA.

Ba chóir go mbeadh an deimhniú sin sínithe ag conraitheoir atá cláraithe le comhlacht rialála ceadúnaithe nó ag cigire de chuid a leithéid de chomhlacht. Ba chóir don chonraitheoir/chigire an deimhniú comhlánaithe a chur ar ais chuig an gcláraitheoir cuí.

Cuirfidh ESB Networks CGA do nasc i gcrích nuair a gheobhaimid fógra ón gcomhlacht rialála go bhfuil an deimhniú bailí.

Is é áititheoir nó úinéir an áitribh atá freagrach as cúrsaí sábháilteachta san áitreabh.

## Cosaint Sonraí

Féadfaidh ESB Networks CGA do chuid sonraí pearsanta a úsáid a mhéad is gá (a) chun do chomhaontú naisc a bhunú agus a bhainistiú (b) chun a cheadúnas agus oibleagáidí dlíthiúla eile atá air a chomhlíonadh; agus/nó (c) ar mhaithe lena leasanna dlisteanacha (ar choinníoll nach mbeidh na leasanna sin ag teacht salach ar do chearta agus saoirsí bunúsacha). Féadfar na sonraí pearsanta atá tugtha agat san fhoirm iarratais seo a nochtadh le páirtithe eile sna cásanna seo a leanas:

- Agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh ag ESB Networks CGA, féadfaidh sé seirbhísí conraitheoirí nó soláthróirí eile a úsáid. Féadfaidh ESB Networks CGA do chuid sonraí a nochtadh leis na páirtithe sin a mhéad is gá chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus ar chuntar nach ceadmhach dóibh do chuid sonraí a úsáid ach amháin de réir na dtreoracha a thabharfaidh ESB Networks CGA dóibh. Éilítear orthu do chuid sonraí a choinneáil slán sábháilte, leis.
- Féadfaidh ESB Networks CGA a nochtadh le cuideachtaí ceadúnaithe soláthair leictreachais agus le páirtithe eile a bhfuil baint acu le do sholáthar leictreachais gurb ann do do nasc, chomh maith le suíomh agus/nó gnéithe teicniúla an naisc sin. I gcás naisc nua, cuirfidh ESB Networks CGA d'uimhir theagmhála fóin ar fáil do chuideachtaí ceadúnaithe soláthair leictreachais d'fhonn fuinnmhiú an naisc an éascú.
- Féadfaidh sé go n-éileofar ar ESB Networks CGA leis an dlí, nó lenár ndualgais cheadúnais, sonraí atá i seilbh ESB Networks CGA fútsa, faoi do sholáthar leictreachais nó faoi do nasc a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí nó ranna rialtais, don Choimisiún um Rialáil Fóntais nó do thríú páirtithe eile.
- Féadfaidh sé go dtabharfar sonraí teagmhála do chuideachta ghairmiúil taighde margaidh chun críche taighde a dhéanamh ar cé chomh sásta is atá tú leis na seirbhísí arna gcur ar fáil ag ESB Networks CGA. Féadfar an t-eolas sin a úsáid chomh maith leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil mar Oibreoir an Chórais Dáileacháin a fheabhsú.

## NB An ndearna tú?

- **An fhoirm iarratais a shíniú agus dáta a chur léi?**
- **An 2 léarscáil a chur faoi iamh más nascadh nua nó athnascadh > 2 bhliain atá i gceist?**
- **Do MPRN a lua más athnascadh nó méadú/laghdú ar nasc atá ann cheana atá i gceist?**
- **Do riachtanais i dtaobh thoilleadh an naisc a líonadh isteach i gCuid 4?**
- **Na sonraí teagmhála ar fad a líonadh isteach (tá uimhir fóin bhailí ríthábhachtach)?**
- **Do tharaif 24 uair an chloig/ama úsáide a líonadh isteach i gcuid 10?**

## Cuir an fhoirm iarratais ar ais chuig

**ESB NETWORKS CGA, IARRATAIS AR NAISC NUA, BÓTHAR AN tSÁIRSÉALAIGH, WILTON, CORCAIGH. T12 E367**

Go raibh maith agat as an dua a chur ort féin an fhoirm seo a chomhlánú ina hiomláine.

**Cuirfear iarratais neamhiomlána ar ais. Má tá tú ag déanamh iarratais ar nasc nua, déan cinnte de go bhfuil na léarscáileanna curtha faoi iamh a bhfuil tagairt déanta dóibh i gCuid 5.**

**Nóta 2**

**Teachtaireacht Sábháilteachta**

- Más ann d'aon línte leictreachais lastuas ar an láithreán, d'fhéadfadh sé gur ghá iad a atreorú nó a chur faoi thalamh sula bhféadfaí tosú ar aon obair thógála. Ba chóir iarratais ar línte a athrú a chur faoi bhráid ESB Networks CGA go luath sa phróiseas - féach www.esbnetworks.ie le tuilleadh eolais a fháil faoi cén chaoi iarratais den sórt sin a dhéanamh.
- Féach an "Code of Practice for Avoiding Danger from Overhead Electricity Lines" ó ESB Networks, atá faofa ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, le treoir shábháilteachta a fháil i ndáil le hobair a dhéanamh gar do línte lastuas. Tá sé le fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta agus ar láithreán gréasáin ESB Networks CGA araon, nó i gcló saor in aisce ach é a iarraidh ar ESB Networks CGA. Fón 1800 372 757 nó 021 2386555.
- Féach an "Code of Practice for Avoiding Danger from Buried Services" ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta le treoir shábháilteachta a fháil i ndáil le cáblaí leictreachais faoi thalamh. Tá sé le fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.
- Tá léarscáileanna de línte/cháblaí ESB le fáil ó Lár-Oifig Léarscáilithe ESB Networks - Fón 1800 372 757 nó 021 2386555 nó tríd an r-phost: dig@esb.ie.

## NÁ DÉAN DEARMAD!

NÁ TÓG FAOI SHREANGA LEICTREACHAIS NÁ GAR DÓIBH

**BÍ SÁBHÁILTE, FAN AMACH Ó SHREANGA LEICTREACHAIS**

**ESB NETWORKS CGA**

ESB Networks

**Stiúrthóirí:** Marguerite Sayers (Cathaoirleach), Nicholas Tarrant, Caroline Spillane, Ian Talbot, Michael Nolan. **Oifig chláraithe:** ESB Networks, Bothar Bhaile na Lobhar, Baile Átha Cliath 18, D18XN80

Part Number: ESB/9806786-9 Rev. May 2026. DOC-100602-A CN.